




Union Connectivity Review

Athbhreithniú ar Nascacht an Aontais Tuairisc Eatramhach – Márta 2021





Íomhánna an leathnach clúdaithe

1. Seirbhís Caladónach ag fágáil Tarbert, Oileán Harris
2. Eitleáin ag Aerfort Gatwick, London
3. Inbhear Severn agus Severn Bridge, Chepstow, an Bhreatain Bheag Theas
4. Great Victoria Street Railway Station, Béal Feirste, Tuaisceart na hÉireann

Tá riachtanais na daill agus iad atá breacamharcach curtha san áireamh agus an doiciméid seo á chur ar fáil. Beidh an téacs san iomlán curtha ar fáil ar gov.uk. Is féidir an téacs a íoslódáil agus a bheith aistrithe ag daoine aonaracha nó eagraíochtaí eile le tiontú isteach go foirm eile inrochtach. Má bhíonn aon riachtanais eile agat ina thaobh seo, bí i dteagmháil le rúnaí d'Athbhreithniú Nascacht an Aontais.

UCR@dft.gov.uk

Athbhreithniú Nascacht an Aontais

Roinn Taistil (Department for Transport)

Great Minster House

33 Horseferry Road

London SW1P 4DR

0300 330 3000

[www.gov.uk/government/organisations/department for transport](http://www.gov.uk/government/organisations/department-for-transport)

Fiosriúcháin ginearálta: forms.dft.gov.uk

OGL

© Crown copyright 2021

Luíonn coipcheart i socrú clógrafaíochta leis an ngCoróin.

Is féidir an t eolas seo a ath úsáid (ach amháin ábhar tríú páirtíoch nó lógóanna) saor in aisce in aon fhoirm nó aon mhéan eile, faoi thearmaí an Ceadúnas Rialtas Oscailte. Chun an ceadúnas seo a fheiceáil, téigh chuig www.nationalarchives.gov.uk/doc/open-government-licence/version/3/ nó scríobh go Information Policy Team, The National Archives, Kew, London TW9 4DU, nó seol r phoist chuig psi@nationalarchives.gsi.gov.uk

San áit ina n aithnítear aon eolas chóipcheart a bhaineann le tríú pháirtí, beidh ort cead a f háil ósealbhóirí an chóipcheart lena bhaineann.

Réamhrá

Tá nascacht iompair rithábhachtach i bhfás eacnamaíoch, i gcruathú fostaíochta, tithíocht, agus aontacht soisialta. Tá sé seo aithnithe ag an rialtas leis an dúthracht a bhí ann go ‘building back better’ agus don chlár ardú suas. Léiríonn iarratas an Príomh-Aire athbhreithniú a dhéanamh ar nascacht an Ríocht Aontaithe go bhfuil práinn faoi leith ag baint le nascacht iompair. Tá mé sásta mo thuairisc eatramach a chuir isteach.

Bhí dílárú go mhaith ó thaobh iompar de san áit inár aischéimnigh a soláthrú; chinntigh an Príomh-Aire é seo ina hóráid ag Iarsmalann Eolaíochta agus Tionsclaíochta i nmí Iúil 2019. Ach tá cinntithe agam cheana gur chruthaigh sé seo easpa airde ar chúrsaí iompair idir na ceithre náisiúin, mar gheall ar tosaíochtaí iomaíochta agus maoiniú casta.

Tharraing an clár ardú suas aird freisin ar an gcaoi ina gcuirtear iarratais infheistíochta iompair in ord tosaíochta. Cuirtear béim i bhfad níos mó ar an gcás stráistéiseach don infheistíocht, mar is ceart má tá nascacht níos fearr le bheith soláithrithe taobh amuigh comhchaitheacha móra agus Londain, agus oirdheisceart Sasana. Sa tuairisc seo breathnóidh mé ar tosaíochtaí bunaithe ar an gcás stráitéiseach níos leithne; mar atá déanta ag obair an gCoimisiúin Bonneagar Náisiúnta ar Phlan Imeachta an Bhóthar Iarainn do lár na tíre agus an Tuaisceart. Forbróidh mé critéir oibiachtúil gur féidir measúnú a dhéanamh ar na scéim seo ina aghaidh. Cuimhneoidh sé seo ar an bealach gur féidir feabhais mar seo an Aontas a nasctha le chéile níos fearr, conas a cuirfidh siad bunáiste eacnamaíoch ar fáil, an tionchar a bheidh acu ar an timpeallacht agus an chaoi go gcuirfidh siad feabhas ar chaighdeán beatha na daoine a úsáideann iad.

Leis an Aontas Eorpach a fhágáil, ciallaíonn sé go bhfuil Gréasán Iompair Tras-Eorpach an EU fágtha taobh thiar dúinn freisin, a dearbhaíodh le bealaí agus nóidanna trasna an EU a aithint, chun go gcuirfeadh maoiniú an EU fás, postanna, tithíocht agus aontas soisialta thar an EU. Le blianta beaga anuas cuireadh €447m mar uimhir méanach, bliantiúil ag an UK isteach go CEFT-T, an córas maoiniú iompair san EU, ach níor tháinig ar ais ach deichiú an uimhir sin.

Cruthaíonn sé seo deis Gréasán UK a chuir isteach ina áit, leis na hoibiachtaí céanna, ach curtha in oiriúnt do riachtanais an UK, an clár ardú suas san áireamh, agus ar féidir a úsáid ar mhaithe le foinsí nascachta níos fearr a chur isteach idir ceithre náisiúin an UK. Molann mo chomhairliúcháin i gcéimeanna luath an obair seo go bhfuil faomhadh forleathan don hoincheap seo, ar choinníoll maoinítear é, agus nach mbaintear an maoiniú sin ó maoiniú reatha na riaracháin atá díláraithe. Úsáidfear maoiniú rialtais an UK, ar nós réamh-mhaoiniú ón EU, chun chur le sreatha maoiniúcháin atá ann, chun nascacht níos fearr, níos gasta agus níos iontaofa a chumasaigh. Agus, toisc go socródh an Ghréasán ag rialtas an UK, socrófar é chun tabhairt faoi riachtanais an UK go díreach.

Ón obair atá déanta agam go dtí seo, is iad na príomh-chúiseanna imní a tháinig aníos ná (ní liosta iomlán é seo):

- Nascanna níos gasta agus toilleadh níos airde do phaisinéirí ó HS2 go hAlban agus an Bhreatain Bheag Thuaidh, agus mar sin iompar laistis níos fearr freisin
- Toilleadh níos airde agus am turais níos gasta go agus ón Alban, ó Sasana agus an Bhreatain Bheag agus Newcastle trí iarann (Príomh-líne an Cósta Thoir) agus bóthar (A1)
- Toilleadh níos airde agus nasc níos gasta ar an A75 ón phort farantóireachta ag Cairnryan go dtí an pasáite M6 do lastas agus paisinéirí go agus ó Tuaisceart na hÉireann
- Faoiseamh ó bhrú tráchta don phasáite M4 i ndeisceart an Bhreatain Bhig, ar a rinneadh tuairisc ag an Burns Commission le déanaí do rialtas an Bhreatain Bhig, agus feabhais dá réir ar phríomh-líne i ndeisceart na tíre
- Toilleadh níos fearr ag an bport in Holyhead, agus ceangail ó Ynys Mon agus cósta Tuaisceart an Bhreatain Bhig go Merseyside agus Manchester do lastas agus paisinéirí
- Toilleadh feabhasaithe, toilleadh bóithre agus iarrainn agus amanna aistir Thoir/Thiar trasna lár na tíre agus an Tuaisceart, do phaisinéirí, agus le toilleadh lastais a fheabhsú agus ceangail as Éirinn, agus ar aghaidh go portanna ar an gCósta Thoir d'easphórtail, tar éis Brexit.
- Ceangail níos gasta agus toilleadh níos airde ó Bhéil Feirste go hIar-tuaisceart Tuaisceart na hÉireann, agus go poblacht na hÉireann, do phaisinéirí agus lastas, agus nasc a dhéanamh le pleananna an Phoblacht d'fhorbairt iarnróide
- Nascanna aeir níos fearr go Sasana go agus ó Tuaisceart na hÉireann agus Tuaisceart na hAlbain, London Heathrow san áireamh, do nascanna domhanda do phaisinéirí agus lastas; le fíor-ráta custaim do Phaisinéirí Aer nach bhfuil réadúil thar iarainn san áireamh
- Nascanna le saorphortanna nuair a fógraítear iad ag an rialtas agus na riaracháin déabhlóidithe

Déanfar iad seo ar fad, agus aon cheisteanna nasctha eile aitheanta ag an obair seo ar aghaidh, a hathbheithniú i mo thuairisc deiridh.

Iarradh orm breathnú chun tosaigh, do na rudaí a bheidh difriuil sna céad 20/30 bliain eile, agus freisin le clár timpeallachta an Rialtas a cuimhniú. Mar sin glacfar leis an dá rud sin i m'athbheithniú breise. Tá deiseanna ann do chúrsaí iompair sa UK cur le sprioc an UK a bheith mar 'zero carbon' faoi 2050. Rachfaidh sé seo go háirithe ar aerthaistil, áit ar mhaith liom fiosrú an féidir le haerthaistil a bheith déanta neodrach ó thaobh carbón de, agus má tá, cá mhéad.

Iarradh orm freisin go sonrach faoi nasc deisithe idir Tuaisceart na hÉireann agus Mórthír na Breataine. Le seo a dhéanamh, d'iarr mé ar bheirt saineolaithe an tOllamh Douglas Oakervee, CBE, agus an tOllamh Gordon Masterton, OBE, a bheith mar cheannródaí ar phíosa oibre scoite, ag úsáid comhairleoirí innealtóireachta chun éidirtheacht nasc dén chineál seo a mheas, agus costas athchoimrithe agus clár ama don obair lena bhaineann a hathchoimriú freisin.

Tá grúpa beag comhairleoirí agam atá tar éis cúnamh ábharach a thabhairt cheana féin leis an obair seo, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil orthu. Bhí an t-ádh liom cheana féin tuairimí go leor páirtithe leasmheara a fháil, agus roinnt freagraí scríofa don ghlaoch le haghaidh fianaise, agus táim fíor-bhuíoch do chách as an t-am agus iarracht a chuaigh isteach ann. Táim buíoch freisin as an bhfoireann beag d'oifigí DfT don obair chrua ar an Athbheithniú, in éineacht le an-cuid eile atá déanta acu maidir le COVID-19 agus Brexit. Táim uíochas freisin do dhaoine eile sa rialtas, agus do na comhairleoirí atá mar rannpháirtithe. É sin ráite, mé féin amháin a bheidh freagrach as an tuairisc eatramach seo agus, nuair atá é curtha isteach, an tuairisc deiridh sa samhradh.




Sir Peter Hendy CBE



Clár an Ábhair

Achoimre Feidhmeannach.....	7
An tAthbheithniú a Thabhairt	9
Cúlra	12
Réamh-Mheasúnú Iompair	14
Réamh-Mheasúnú Eacnamaíoch.....	36
Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí	44
Modheolaíocht.....	47
Gréasan Stráitéiseach Iompair UK don Todhchaí	52
Idirspléachanna	55
Céad Céimeanna eile.....	58
Tar i dTeagmháil.....	60



Athchoimre Feidhmeannach

Is deis í an athchoimre seo nascacht iompair reatha sa UK agus idir náisiúin dá cuid (an Bhreatain Bheag, an Alban, Tuaisceart na hÉireann) a mheas, agus chun moltaí a thabhairt chun féidireachtaí eacnamaíochta agus caighdeán na beatha a fheabhsú

Tá nascacht iompair láirneach i saol na ndaoine. Cinntíonn gréasáin iompair go bhfuil stoc sna hollmhargaí, agus go líontar coinní dochtúra. Cruthaíonn sé deiseanna do dhaoine a bhfoireann peil a fheiceáil ag imirt, freastal ar agallaimh phoist, agus cuairt a thabhairt ar a gclann. Coinníonn sé daoine ceangailte lena chéile agus leis an domhan an fad.

Déanfaidh Athbhreithniú Nascacht an Aontais meas ar nascanna agus gréasáin iompair in agus idir Shasana, an Alban, an Bhreatain Bheag, and Tuaisceart na hÉireann. Cuimhneoidh sé ar an gcaoi gur féidir le caighdeán agus fáil modh thaistil tacú le fás eacnamaíoch, ag ardú suas agus feabhas ar chaighdeán na beatha. Sóláthróidh an tathbhreithniú sraith moltaí tábhachtacha a iarrann aird a thabhairt ar na neamhionannais i nascacht agus féidirtheacht eacnamaíochta i Sasana, an Alban, an Bhreatain Bheag, agus Tuaisceart na hÉireann. Déanfar an tathbhreithniú tionchar an phaindéim COVID-19 a mheas – rud a chuir isteach go mór ar ghníomhaíoch eacnamaíochta agus soisialta agus de réir sin, ar éileamh cúrsaí taistil trasna an UK.

Cuireann an Tuairisc Eatramach seo an nascacht iompair reatha sa UK san áireamh, agus briseann sé síos é seo idir modh do phaisinéirí agus do lastas. Tugann sé sonraí freisin maidir leis an tionchar timpeallachta atá ag cúrsaí taistil idir náisiúin an UK. Déantar athbhreithniú ar Ghréasán Iompair Tras-Eorpach an EU (GIT-E); a chur chuige, ranníocaíochtaí an UK do Áis Ceangail Eorpach agus an maoiniú faighte óna thaobh, agus ar na spriocanna a bheadh ag an EU do GIT-E a bheith infheidhme ar ghréasán cosúil leis a dearbhaíodh le freastal ar riachtanais an UK.

Déantar mionscrúdú san athbhreithniú eatramach seo ar comharthaí eacnamaíochta ar nós GDP, táirgiúlacht, dlús daonracha, agus dífhostaíocht ar mhaith le pictiúr a thógáil de chúrsaí eacnamaíochta reatha trasna an UK. Tá tuilleadh oibre le déanamh ar seo.


Tá rannpháirtíocht geallsealbhóirí ríthábhachtach do shóláthrú rathúil an tAthbhreithniú seo, agus tá cuid mhaith tar éis tarlú trí rannpháirtíocht, comhchainteanna, agus Glaoch formálta do Fhianaise. Aithníodh roinnt téamaí láirneacha anseo, ar nós aitheantas ar thábhacht nascacht iompair agus fonn infheistíocht a mhéadú i mbonneagar criticiúil taobh amuigh London agus in oirdheisceart na tíre.

Tá bealach pragmatach le fianaise forbraithe ag an Athbhreithniú le riachtanais iompair reatha a mheas, agus freisin chun féidireachtaí faoin gcuma a bheadh ar ghréasán sa todhchaí a cheapadh.

I líne le léirmheas HM Treasury le déanaí ar The Green Book, lorgaíonn an cur chuige seo an cás stráitéiseach d'infheistíocht iompair a shamhlú, in áit anailís ar chostas tairbhe amháin a dhéanamh. Cuideoidh sé seo go mbeidh aon infheistíocht i gcúrsaí iompair a tharlaíonn ag teacht i líne leis agus go dtacóidh sé le clár níos leithne an rialtas.

Moladh láirneach a tháinig amach as an Athbhreithniú ná an féidireacht Gréasán Iompair Stráitéiseach UK nua a fhorbairt. D'fhéadfadh sé seo forbairt ar an gcur chuige ó bharr anuas tógtha le Gréasán Iompair Tras-Eorpach an EU a fhorbairt, a ceapadh chun tacú leis an Margadh Shingil Eorpach trí nascacht feabhasaithe agus bearnaí idir ghréasáin iompair tras-teorainn a dhúnadh. Le forbairt ar chóras comhionann sa UK, d'fhéadfadh tacú níos fearr a bheith tugtha do mheasúnú ar bhealaí taistil agus cinntí infheistíochta, bainistíocht níos fearr déanta ar sruth dhaoine agus earraí idir náisiúin, agus obair comhpháirtíochta níos fearr ag onair idir rialtas an UK agus riaracháin deabhlóidaithe. Fuair an smaoineamh seo tacaíocht láidir ó na páirtithe leasmhara, ar choinníoll go gcuirfeadh tuilleadh mhaoiniú ar fáil. Creideann an tAthbhreithniú go bhfuil cás láidir stráitéiseach do Ghréasán Iompair Stráitéiseach UK agus tabharfaidh sé faoi tuilleadh oibre le sáinmhíniú a thabhairt ar le tuilleadh sonraí le cur ar fáil sa tuairisc deiridh. Déanfaidh an tAthbhreithniú obair freisin le sáinmhíniú a dhéanamh ar an gcuma a bheadh ar a ghréasán dá leithéid, agus soiléiriú faoin gcaoi gur féidir leis a bheith mar bhuntáiste do na náisiúin ar fad an UK.

As seo amach, leanfaidh an tAthbhreithniú ar aghaidh le measúnú a dhéanamh ar chúrsaí taistil agus bunlínte eacnamaíochta, tabharfaidh sé faoi thaighde, beidh teagmháil aige le páirtithe leasmhara, agus déanfar freagraí an Glaoch le haghaidh Fianaise a mheas freisin. Úsáidfear an t-eolas seo le polasaí a mheas agus moltaí fianaiseacha a fhorbairt a iarrann nascacht iompair a fheabhsú, fás eacnamaíochta a thacú, agus caighdeán na beatha a fheabhsú do dhaoine trasna an UK.





An tAthbheithniú a Thabhairt

Chun go gcuirfidh an tAthbheithniú seo i láthair go héifeachtúil, tá struchtúr tacaíochta churtha i bhfeidhm ag Sir Peter Hendy CBE. Tá páinéal comhairleacha de sáineolaithe neamhspleácha san áireamh le seo, a bhfuil taithí ábhartha acu i bpleanáil iompartha agus forbairt straitéise.

Is Cathaoirleach é Peter Hendy CBE don Ghréasáin Iarnróid ó 2015, agus Cathaoirleach don London Legacy Development Corporation ó mhí Iúil 2017. Ba Choimisinéir é do Iompar London ó 2006, tar éis seirbheáil mar Stiúrthóir Bainistíochta d'Iompar Dromchla le TfL ó 2001. Treoraigh sé an oibríocht rathúil d'Iompar Londain do na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha i 2012.

Is Uachtarán Idirnáisiúnta é don Chartered Institute of Logistics and Transport do 2019, comhalta don Chartered Institute of Highways and Transport agus comhalta don Institute of Civil Engineers.

Rinneadh ridire de sa New Year's Honour's List i 2013, agus é déanta CBE i 2006.

Painéal Comhairleacha



An tOllamh David Begg

Is príomhfheidmeannach é an tOllamh David Begg de Chompháirtíocht Portobello. Is comhalta boird neamh-fheidmeannach é de Heathrow Airport Holdings Ltd agus bhí sé mar chathaoirleach de Choimisiúin an Rialtais d'Iompair Comhtháite agus an Coimisiúin is déanaí ar Nascacht Neamhspleachas Glasgow. Ba chomhalta boird é freisin de Iompar London agus Cathaoirleach de Línte Tube, agus Stiúrthóir neamh-fheidhmeannach dÚdarás Stráitéiseach na hIarainn, agus Iarnróid Iarnród na Breataine roimhe sin.



Neale Coleman CBE

Ceapadh Neale Coleman mar Coimisinéir don Choimisiúin Náisiúnta Bonneagar. D'oibrigh sé d'Údarás Mhórchearntar Londain, ag stiúriú obair an Mhéara ar tairscint Londain do na Cluichí Oilimpeacha, cur i gcrích na gluichí iad féin agus oidhreacht na hathbheochana a bhain leo, agus bhí sé mar Chomhalta Boird den Údarás Soláthrú Oilimpeach tríd a shaol. Is saineolaí é in Athnuachan Uirbeach agus sa deonachan ar féidir le scéimí bonneagair iompaire a dhéanamh do fás, postanna agus tithíochta.



Michèle Dix CBE

Thosaigh gairm beatha Michele ag comhairle mórchearntar Lonain (GLC) tar éis di PhD in iompar a bhaint amach. Chaith sí cúig bliain déag sa roinn príobháideach le Halcrow Fox, áit ar éirí léi post mar Stiúrthóir Bhoird d'Iompar uirbeach a bhaint amach. Bhí sí páirteach in Iompar Londain ó 2000 mar Stiúrthóir Brú Táille sular tiontaigh sí le bheith ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Phleanáil agus Bainistíocht ar Crossrail 2. Is ollamh ar cuairt í Michele ó UCL agus tá sí iomráiteach i gCumann Idirnáisiúnta Iompar Phoiblí, UTIP, áit ina bhfuil sí mar Chathaoirleach ar an gcoiste a chuireann taighde ar iompar poiblí agus dea-chleachtas chun cinn go hidirnáisiúnta.



Elaine Seagriff

Is Stiúrthóir ar Phleanáil Iompair í Elaine Seagriff le Jacobs, agus í mar cheannaire ar a bhfoireann stráitéis iompair náisiúnta agus polasaí chun stráitéis polasaí agus forbairt stráitéis iompair a chruthú i gceantair trasna an UK agus go hidirnáisiúnta.

Bhí sí mar Cheannaire Pholasaí Iompair agus Stráitéis i gcomhair Iompar London i 2017 sular oibrigh sí le Jacobs, agus bhí sí freagrach as Stráitéis 20-bliain Iompar an Mhéara a fhorbairt agus a chur i gcrích. Is ball í de Choimisiúin Iompar Iardheisceart an Bhreatain Bheag, agus faoi láthair tá sí ag stiúriú Plean Stráitéise an Tionsclaíocht Lán do ghréasán iarnróid GB.

Comhairleoirí Nasc Dochta

De réir téarmaí tagartha an Athbheithnithe¹, tá ar Sir Peter nascanna iompair idir Tuaisceart na hÉireann agus an Ríocht Aontaithe a mheas. Is ea an féidireacht atá ann nasc docht a fhorbairt mar cuid láirneach den mheasúnú seo. Le go gcuirtear moltaí ar tionscnamh mar seo i gcrích go cuí, tá seirbhísí Doug Oakervee CBE agus an tOllamh Gordon Masterson faigthe ag Sir Peter, a bheidh ag déanamh measúnú ar féidireacht, costas agus amscála don mholadh áirithe seo.



Doug Oakervee CBE

Is Iar-Chathaoirleach é an tOllamh Oakervee de chuid HS2 agus Crossrail, agus bhí sé mar an 139ú Uachtarán de Institiúid na hInnealtóirí Sibhialta. Ba ea an Príomh-Innealtóir ar an Mass Transit Railway in Hong Kong agus mar Stiúrthóir tionscadail do Aerfort Idirnáisiúnta Hong Kong. Thabhairt sé faoi léirmheas HS2 a bhí freagrach don Phríomh-Aire i Mí Éanair 2020. Bronnadh duais CBE ar in 2010.



An tOllamh Gordon Masterson

Is Iar-leath-Úachtarán de chuid Jacobs Engineering é an tOllamh Masterson, Iar-Úachtarán d'Institiúid na hInnealtóirí Sibhialta, agus d'Institiúid Innealtóirí agus Tógálaithe Loing san Alban, reamh-Chathaoirleach de Choiste an Suíomh Tógála agus bunaitheoir agus Cathaoirleach reatha den Halla Cáil Innealtóireacht na hAlbain. Bhí sé mar ionadaí tionscadail an Rialtas UK ar Crossrail agus tá sé mar Chaithaoirleach fós ar Pháinéal Ghealltanais Neamhspleách don nasc iarnróid ard-luas HS2. Tá sé fós mar Chaithaoirleach Bhonneagair sa Todhchaí ag Ollscoil Dún Éideann.

Rúnaíocht

Chun obair laethúil an Athbheithnithe a éascú, tá Roinn Iompair (DfT) ar bhord ag Sir Peter freisin chun rúnaíocht a chur ar fáil. Comhdéanta le foireann DfT, cuireann an rúnaíocht seo tacaíocht phraicticiúil ar fáil do Sir Peter, á chur ar a chumas an UCR a chur ar fáil. Tá seirbhísí comhairleoirí seachtracha agus Sir Malcolm McKibbin freisin faigthe ag Sir Peter freisin chun tacaíocht a thabhairt don tAthbheithniú.

1 www.gov.uk/government/publications/union-connectivity-review-terms-of-reference

Cúlra

Is Athbhreithniú eatramhach é seo le huasdhátú ar dhul chun cinn athbhreithniú neamhspleách a bhí stiúraithe ag Sir Peter Hendy CBE a dhéanamh. Foilseófar moltaí deirineacha faoi shamhradh 2021.

Seoladh an tAthbhreithniú seo i Méan Fómhair 2020 le nascacht iompair a mheas trasna an Ríocht Aontaithe, agus chun sraith mholtaí a aithint a thabharfaidh tacaíocht do chuspóirí stráitéise an Rialtas.

Raon

Iarradh ar Sir Peter tabhairt faoi athbhreithniú sonraithe le fiosrú cén chaoi gur féidir le caighdeán agus soláthrú bonneagar iompair trasna an UK cuidiú le fás eacnamaíochta agus caighdeán na beatha trasna an UK ar fad. Ba cheart don obair seo nascacht iompair idir Shasana, an Alban, an Bhreatain Bheag agus Tuaisceart na hÉireann trí bhóthar, iarnród agus aer, agus trasna Mhuir na hÉireann.

Mar chuid den athbhreithniú seo, iarradh ar Sir Peter a mheas a thabhairt ar na rudaí seo a leanas:

- Caighdeán agus iontaofeacht na príomh-nascanna trasna an UK
- Éileamh reatha ar nascanna iompair, agus éileamh amach anseo
- An tionchar timpeallachta atá ag rogha na bpolasáí (athrú aeráide san áireamh)
- Obair reatha ar nascacht tras-UK atá curtha i gcrích ag an rialtas
- Obair thar bhealaí le hathtosú agus athaimsiú ón phaindéim COVID-19, Téarnamh Eitlíocht san áireamh pandemic

Déanfaidh an tAthbhreithniú moltaí a thabhairt maidir leis na modhanna is fearr feabhas a chur ar nascacht iompair san fhadtéarma, agus chun nascanna reatha a neartú freisin. Beidh na moltaí seo ag cloí le stráitéis níos leithne fíoscach an UK, beidh buntáistí suntasacha acu ar fás eacnamaíochta nó caighdeán na beatha sa UK agus beidh siad tacaíthe ag anailís eacnamaíoch. Foilseofar an anailís seo.

Beidh costas, féidirtheacht agus luach airgid aon mholtaí déanta measaithe ag an tAthbhreithniú. Cuirfidh sé modhanna soláthrú agus cláranna ama lena bhaineann san áireamh comh maith le hord reatha aon tionscnaimh a moltar.

Agus an tAthbhreithniú seo ar siúl aige, d'iarr an Rialtas ar Sir Peter a mheas a thabhairt ar na riachtanais iompair agus forbairt teicneolaíochta san fhad-téarma a bheidh ag teastáil amach anseo – sna céad 20 go 30 bliain eile, dar leis an Rialtas.

D'iarr an Rialtas ar Sir Peter freisin teagmháil a dhéanamh le gníomhaireachtaí rialtais lena bhaineann, an Roinn Taistil, a bhfoireann mhódacha, Oifig na hAlban, Oifig an Bhreatain Bheag, Oifig Tuaisceart na hÉireann agus an Coimisiún Náisiúnta, na riaracháin déabhlóidithe, údaráis áitiúla agus a gcuid coimisiúin bonneagair san áireamh, comh maith le tionsclaíochta, acadúilí, saineolaithe innealtóireachta agus an pobal in gcoitinne. Cuirfidh an tAthbhreithniú achoimre ar an ngníomhaíocht rannpháirtithe seo.

Fiontair

Chun moltaí atá bunaithe ar fhianaise agus atá cuí a sholáthrú, tabharfaidh an tAthbhreithniú faoi na rudaí seo a leanas:

- Déanfar measúnú ar an éileamh taistil atá ann, faoi láthair agus amach anseo, idir náisiún an UK, ag glacadh le tionchar COVID-19 agus imeacht an UK ón Aontas Eorpach.
- Teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara, le rialtas na hAlbain, an Bhreatain Bheag agus Tuaisceart na hÉireann san áireamh. Déanfar measúnú ar fhreagraí an Ghlaoch le Fianaise, ag cuartú eolais ar pátrúin taistil reatha, dúshláin, deiseanna agus aon fheabhais eile atá indéanta
- Measúnacht tionchar timpeallacht cuí a dhéanamh ar aon mholtaí déanta ag an Athbhreithniú, agus cinnte a dhéanamh go bhfuil tacú ó rialtas UK do na gealltanais sin.
- Coimisiún a dhéanamh ar taighde sóisialta chun tuiscint a fháil ar dearcadh an phobail maidir le eascacht agus costas taisteal trasna an UK.
- Costais agus buntáistí a bheadh i gceist le gréasán iompair stráitéise a fhorbairt sa UK a mheas.
- Measúnú ar dhéanamh ar na féidireachtaí, costas agus cláranna ama a bhaineann le nasc fáiscithe a thógáil idir Tuaisceart na hÉireann agus an Ríocht Aontaithe.

Foilseoidh Sir Peter tuairisc deiridh i samhradh 2021 ag luí amach sraith mholtaí ag tacú le sprioc an Rialtais neamhionannas a laghdú agus caighdeán na beatha a fheabhsú trí nascacht iompair a fheabhsú laistigh agus idir náisiúin an Ríocht Aontaithe.

Réamh-Mheasúnú Iompair

Tá sé ríthábhachtach don tAthbhreithniú go dtuigfear na bealaí a bhogann daoine agus earraí trasna an Ríocht Aontaithe faoi láthair agus conas gur féidir é seo a fheabhsú le nascacht feabhasaithe idir Shasana, an Alban, an Bhreatain Bheag agus Tuaisceart na hÉireann.

Ag forbairt réamhmheasúnú ar nascacht iompair

Déanfar sáinmhíniú ar nascacht ná an méid ceangal atá idir daoine agus gnóthaí, idir postanna, earraí agus seirbhísí, agus le mórcheantair eacnamaíochta pleanáilte agus atá ann. Tá nascacht iontach trasna an UK ríthábhachtach chun forbairt eacnamaíochta cothrom, fadtéarmach agus dáilte amach a stiúiriú.

Tá sé ríthábhachtach go mbunaítear torthaí an Athbhreithnithe ar bhunús soiléir, láidir agus ar bhonn fhianaise. Ciallaíonn sé seo fadhbanna nascachta a léiriú agus a thuiscint, roimh teacht ar aon réiteach nó idirghabháil. Mar sin, tá an réamhmheasúnú bunaithe go hiomlán ar ghréasáin agus léibhéal éilimh reatha a thuiscint. Ní dhéanann sé iarracht fadhbanna iompair a aithint go hiomlán nó tagairt a dhéanamh do hidirghabháil. féideartha, agus ní dhéanann sé réamh-bhreithiúnais ar thorthaí nó moltaí an Athbhreithnithe.

Leagfaidh an measúnú seo na rudaí seo a leanas amach:

- Achoimre ar ghréasáin iompair straitéise mar atá faoi láthair laistigh den UK
- Athchoimriú d'ard-chaighdeán ar nascacht iompair ag bunléibhéal agus éileamh de réir gach mód; bóthar, iarnróid, muirí agus aer. Leagann sé seo gluaiseachtaí agus toilleadh lastais trasna an UK
- Athchoimriú ar léibhéal reatha d'iompair a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa

Ar fáil sa tuairisc seo ná eolas athchoimreach ar an réamhobair go dtí seo. Is léargas é seo ar ghníomhaíocht reatha agus tá tuilleadh mheasúnú ar lean. Aithneofar an obair seo ar lean na nascanna idir nascacht iompair reatha agus bunlínte eacnamaíochta, agus déanfar áiteanna ar féidir le nascacht iompair a bheith feabhasaithe a aithint. Leagfar seo amach sa tuairisc deiridh i samhradh 2021.

Léargas ar nascanna iompair laistigh den UK


Sasana

Cuireann línte an Cósta Thoir agus Cósta Thiar nascacht iarnróide thuaidh-theas ar fáil ó Londain go hAlban Láir, ag stopadh ag cathaireacha eochaireacha i Lár Tíre agus i dTuaisceart Shasana. Tá Príomh-Líne an Chósta Thiar ríthábhachtach do chúrsaí iompair lastais. Agus é oibríochtúil, cuirfidh HS2 deiseanna ar fáil feabhas a chuir ar toilleadh agus am turais ar Príomh-Líne an Chósta Thiar, ag tabhairt leasa do roinnt mhaith bealaí trasna an Ríocht Aontaithe. Tá Príomhlíne Mór-Iartharach ríthábhachtach do nascacht iarthar-oirthear isteach don Bhreatain Bheag Theas agus an t-iardeisceart.

Déanann Highways England bainistiú ar an Ghréasáin Bóithire Stráitéiseach chun nascacht bóithre a fheabhsú agus a chaomnú. Bíonn éileamh níos airde ar an M25 ná haon bhóthar eile i Sasana agus tá sé ríthábhachtach do nascacht san oirdheisceart agus ar aghaidh go Dover agus pórtanna eile. Is pasáistí tábhachtacha iad an M6 agus M11 le haghaidh nascacht thuaidh-theas agus is iad siúd na pasáistí lastais bóithre is mó úsáidte. Freastalaíonn an M4 iarthar-oirthear idir an Bhreatain Bheag Theas agus Londain ar roinnt bunphointí agus ceannscríbeanna tábhachtacha.

Mar an tír is mó i gceithre náisiúin an UK, tá aerthaistil suntasach laistigh de Sasana. Is iad na haerfóirt is tábhachtaí do sruth thuaidh-theas laistigh de Sasana ná Heathrow, Manchester agus Newcastle. Tá sruthanna iarthar-oirthear dírithe ó Theas, leis na haerfóirt is tábhachtachtaí ná Newquay, Exeter, Heathrow agus Southend. Is ea an t-aerfórt East Midlands mar an ceann is mó sa UK d'aeriompar bail.

Tá roinnt mór-calafóirt ag Sasana a cheanglaíonn leis an cuid eile den Aontas, go Poblacht na hÉireann, agus go Mórthíre na hEorpach.




An Alban

Is ea an bóthar iarainn atá mar phríomh modh-thaistil móra trasna an teorainn idir Sasana-Alban, le turais tras-teorannn go nó ó Glasgow agus Dún Éideann ar Phríomh-línte an Chósta Thiar agus an Chósta Thoir. Taistealaíonn go leor lastas iarnróide go agus ón Alban ar Príomh-líne an Chósta Thiar agus an Chósta Thoir, cé go bhfuil an lámh in uachtar ag an chéad ceann. Is ea an M6 ná an t-aon nasc mótarbhealaigh isteach go hAlban; tá comhréir turais lastais níos mó (27%) ná an méanach. Pasáiste bóithre tábhachtach eile ná an A1 ó Newcastle go Edinburgh, ach tá comhréir níos lú HGV ann agus sruth tráchta i bhfad níos lú freisin. Ó Thuaidh ó Newcastle tá carrbhealach shingil ann, áit ina bhfuil moill méanach níos coitianta agus luas méanach níos moille ná ranna eile neamh-motorbhealach ar an A1.

Tá nascacht aer tábhachtach don Alban, mar gheall ar na hachar a bhaineann le cathaireacha eile a bhaint amach sna náisiúin eile. Sáraíonn uimhir pháisinéirí tras-teorainn agus uimhir na bealaí atá ar fáil iad siúd i dTuaisceart na hÉireann agus sa Bhreatain Bheag. Tá méid suntasach de sruth pháisinéirí baile ag na haerfóirt seo a leanas; Glasgow, Dún Éideann, Inverness agus Aberdeen. Tá eitlíocht riachtanach chun mórthír na hAlbain a nascadh leis na hoileáin mórthimpeall (mar atá seirbhís farantóireachta), le líon ard bealaí le héileamh ísle ag cinntiú nascacht leis na sriochanna is faide sa UK. Maidir le cúrsaí lastais, tagann aerfóirt Dún Éideann agus Aberdeen isteach ar 3ú agus 4ú háit san UK de réir tonnáiste lastais, agus tá aerfórt Glasgow sa deichniúr is fearr freisin.

Tá nascacht muirí idir an Alban agus Tuaisceart na hÉireann ríthábhachtach le haghaidh lastas, ní hamháin idir na tíortha sin agus le haghaidh earraí ag taisteal tríd an Alban idir Shasana agus Tuaisceart na hÉireann. Téann sruth an lastais seo tríd calaphóirt Cairnryan; mar sin tá nascacht bóithre go Stranraer ar an gcósta Thiar ríthábhachtach, go háirithe an A75 agus A77, leis an chéad ceann tábhachtach ach go háirithe agus ag iompar dhá oiread feithiclí lastais ná an dara cheann. Tá cúpla calaphóirt móra eile san Alban, ach níl ceann acu gearr go Cairnryan ó thaobh méid lastas baile de.

Tá sruthanna páisinéirí suntasacha eile trasna Mhuir na hÉireann, idir Cairnryan (Stranraer) agus Béal Feirste, le sruth níos lú go agus ó Larne. Mar atá le heitlíocht, tá ról tábhachtach ag báid farantóireachta le daoine agus earraí a nascadh idir mhórthír na hAlbain agus na hoileáin mórthimpeall.




An Bhreatain Bheag


Tá daonra na Breatain Bhige comhchruinnithe a bhfíor-theas agus ó thuaidh na tíre. Mar gheall ar tíreolas, difriúil ó na náisiúin eile, tá sruthanna comaitéireachta suntasacha tras-teorainn go agus ó Shasana. Is féidir teacht ar phostanna i mBristol agus i Lár na Tíre ó Cardiff agus Newport ó theas, agus postanna in Liverpool, Stoke agus Manchester ón Bhreatain Bheag Thuaidh. Tá beagnach chuile turais comaitéireachta seo i gcarranna, agus cuireann sé seo leis na fadhbanna bhrú tráchta ar bhuaic, go háirithe ar an M4 ó theas.

Toisc go bhfuil na ceantair comhchruinnithe d'ghíomhaíocht eacnamaíochta ó thuaidh agus ó theas, tá tábhacht faoi leith agus baint le Príomh Líne an Bhreatain Bheag theas, agus Líne Cósta an Bhreatain Bheag ó thuaidh le haghaidh nascacht iarnróid, laistigh na Breatain Bhige agus trasna an teorainn go Sasana. Tá srian ar lastas iarnróid go agus ón Bhreatain Bheag ag srianta leithead a chuireann cosc ar úsáid vaigín lastais níos mó thiar ó Didcoy.

Is ea Holyhead mar an t-aon mór-chalaphórt i dTuaisceart na Breatain Bhige (méid lasta ar a laghad ag milliúin tona go bliaintiúil). Tá trasnú lastas suntasacha trasna Muir na hÉireann, agus mar sin tá teacht ar agus ó Holyhead tríd an A55 mar mhachnamh tábhachtach do nasacht lastais. Tá roinnt mór-chalaphóirt eile comhchruinnithe taobh an chósta theas, ar nós Fishguard, Milford Haven, Swansea, Port Talbot, Cardiff & Newport. As seo, tá an líon is mó méid lastais ag Milford Haven trasna Muir na hÉireann. Tá an M4 tábhachtach le teacht ar na calaphóirt seo.

Tá turais tras-teorainn san aer go dtí an UK an-bheag i gcomparáid leis na náisiúin eile. Tá an fhad a mhaireann idir an cuid is mó de na háiteanna i Sasana ró-bheag chun aerthaistil a bheith tábhachtach mar mhodh iomaíoch, agus is féidir leis an cuid is mó de dhaonra na Breatain Bhige teacht ar aerfóirt eile i Sasana. Mar shampla, tá ceangal maith ag aerfóirt Bristol agus Manchester leis an gcuid eile den Aontas, agus úsáideann roinnt paisinéirí Breataine na bealaí seo chun teacht ar Tuaisceart na hÉireann agus an Alban, agus tá aerfórt Cardiff ag forbairt i dtábhacht. Tá méid lastais ón aer beag go leor freisin.





Tuaisceart na hÉireann

Toisc go scaoiltear é ón gcuid eile den UK le Muir na hÉireann, tá bealaí aer agus muirí criticiúil do nascacht i dTuaisceart na hÉireann.

Tá ceannasaíocht ag na turais phaisinéara eitlíochta tras-teorainn go agus ó Bhéal Feirste, le teacht ar roinnt aerfóirt Shasanacha agus Albanacha ó ceann nó an dá aerfórt sa chathair. Is ea an bealach idir Londonderry agus Dún Éideann ná an ceann neamh-Bhéal Feirste leis an mórélímh is mó.

Mar a phléadh maidir leis an Alban, tarlaíonn taistil ar bháid farantóireachta idir Bhéal Feirste agus Carinryan (Stranraer) den chuid is mó, le sruth cosúil ach níos lú idir Lairne agus Cairnryan. Tá báid farantóireachta páisnéara idir Bhéal Feirste agus Liverpool, ach tá an sruth is lú as na trí cinn ag an bealach. Tá na bealaí lastais trasna Mhuir na hÉireann cosúil le sin, ach tá sruthanna tábhachtacha idir Heysham i Sasana agus Béal Feirste comh maith, agus idir Heysham agus Warrenpoint in oisdheisceart Tuaisceart na hÉireann. Tá méadaithe suntasacha feicthe ag Béal Feirste agus Warrenpoint i líon na tráichta lastais leis an gcuid eile den UK le deich mbliain anuas, sa chaoi céanna ina bhfuil laghdú feicthe ag Larne.

Laistigh Tuaisceart na hÉireann, nascann pasáistí iarnróid agus bóithre Béal Feirste go na socráithe mhóra eile de Londanderry, Enniskillen agus Newry. Is iad seo atá mar fócas don.

Ghréasán Iompair Stráitéise i dTuaisceart na hÉireann.

Tá nascacht thuaidh-theas trí Éirinn tábhachtach toisc go mbíonn paisinéirí agus lastas ag taisteal tríd Poblacht na hÉireann ar a mbealach idir Shasana agus Tuaisceart na hÉireann. Is iad na bealaí tras-teorainn anseo ná M1 na hÉireann, a ritheann taobh an chósta ó Bhaile Átha Cliath go Newry, ag nascadh leis an A1 agus ag leanacht ar aghaidh go Béal Feirste agus an A5 a ritheann ó theas ó Dhoire trí Strabance, ag nascadh le N2 na hÉireann ar a mbealach i dtreo Muíneacháin agus Baile Átha Cliath.

Astaíochta Gáis Ceaptha Teasa

Cuireann cúrsaí iompair le 28% d'astaíochta gáis ceaptha teasa sa UK ar fad, ionchur níos mó ná haon roinn eile. Tá na astaíochtaí sin tar éis méadú le déanaí agus níl siad ach 3% níos ísle ná mar a bhí in 1990².

Cuireann iompar bóithre leis an cuid is mó de na hastaíochtaí gáis ceaptha teasa sin le 55% eisithe ag carrana. Tá méadaithe suntasacha tar éis tarlú ó 1990, ó veain tráchtála agus ó eitlíocht idirnáisiúnta.

² assets.publishing.service.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/932122/decarbonising-transport-setting-the-challenge.pdf


Astaíonn Eitlíocht tuilleadh gáis ceaptha teasa in aghaidh na míle ná aon mhodh taistil eile. Bheadh 144kg in astaíochta gáis ceaptha teasa ag paisinéir ag taistil ó Londain go Dún Éideannsan aer, leis an turas céanna ar traen ag eisiú ach 29kg d’astaíochta. Bheadh 129kg eisthe igcás duine aonarach i gcarr peitril, ach laghdófá seo agus líon na ndaoine sa charr ag méidiú, agus bheadh éagsúlacht i gceist ag braith ar an chineál feithicil in úsáid ag stíl tiomáint.

In 2019 bhí an UK mar an chéad eacnamaíoch mhór chun dlí glan-náid a chur i bhfeidhm, chundeireadh a chur lena hionchur ar athrú aeráid faoi 2050. Teastóidh uaidh gach roinn d’eacnamaíocht an UK laghdú suntasach ar lean a sholáthré, iompar san áireamh. Cé go bhfuil tairngreacht DfT faoi láthair ag rá go dtitfidh siad, beidh ar an UK dul níos faide agus níos gastachun na spriocanna athrú aeráide a bhaint amach.

Tá na huailmhianta seo tacaithe ag forbairt teicneolaíochta nuálacha ar nós feithicil leictreacha agus breosla eitlíochta inbhuanaithe.

Beidh moltaí an Athbhreithnithe seasmhach le tairgí athrú aeráide an UK.

Astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa de réir Roinn (MtCO₂e) 1990-2018



Réamhmheasúnú Éileamh Iompair

Tá réamhmheasúnú tógtha ag an Athbhreithniú maidir leis an éileamh reatha d’iompar trasna an UK. Tá sé seo briste síos maidir le mód, agus déantar athchoimre thíos i dteannta le heolas tacaíochta. Ba cheart smaoineamh faoi seo mar réamhobair agus beidh anailís ar lean tógtha chun bearnaí eolais a líonadh agus chun measúnaithe reatha a beachtaigh.

Bóthair

Tá bainistíocht ar an ghréasáin bóthair san UK mar cheist déabhlóidithe, á bhainistiú ag Highways England, Transport Scotland, Rialtas na Breataine (á bhainistiú ag North agus Mid Wales Trunk Road Agent agus South Wales Trunk Road Agent) agus Roinn Bonneagair i dTuaisceart na hÉireann.

Tá an ghréasán bóthair rithábachtach i sruth earraí agus pdaoine trasna an UK le hos cionn 365 billiúin míle tiománta ar bhóthair GB in 2019³. Tiománadh os cionn 62% de na míle sin ar Mhotorbealaigh nó ‘A Roads’, cé nach ndéanann siad suas ach 13% den fhad bóithre ina iomlán. Tá tábhacht an ghréasáin bóthair tar é fásadh thar ama le méadú 12x i dtrácht feithilí ó 1949.

Léiríonn dáta ón 24hr Annual Average Weekday Traffic (AAWT) go bhfuil éileamh ar thaistil ar an ngréasán bóthair ard. Is ea an Severn Crossing idir Shasana agus an Bhreatain Bheag agus an M6 atá mar na nascanna tras-teorainn leis an méid tráchta is mó, le chéile a fheiceann os cionn 100,000 feithiclí agus 48,000 an cheann go laethúil.

Tá an M6 tábhachtach ach go háirithe le haghaidh tráchta lastais, le HGV’anna ag déanamh suas ceathrú de na sruthanna uilig. Bíonn beagnach cúig uair níos mó tráchta á láimhseáil ag an M6 ná an A1, mar gheall ar difríochtaí i gcaighdeán/toilleadh agus suíomhanna tíreolaíochta na pasáistí seo.

Teorainn	Suíomh	Direction	24hr AAWT	%HGV
Alban–Sasana	M6	NB	24,195	27%
Alban–Sasana	M6	SB	24,137	28%
Alban–Sasana	A1 ó thuaidh Berwick	NB	5,905	15%
Alban–Sasana	A1 ó thuaidh Berwick	SB	6,151	16%
Breatain Bheag–Sasana	Severn Crossings	WB	53,268	14%
Breatain Bheag–Sasana	Severn Crossings	EB	54,4701	14%

Notes: M48 EB average of Aug-19 to Mar-20 and M4 EB average of Aug-19 to Feb-20

³ assets.publishing.service.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/916749/road-traffic-estimates-in-great-britain-2019.pdf


Tá aiseolas ó pháirtithe leasmheara agus comhairleoirí tar éis na nascanna bóthair seo a leanas a aithint mar ábhar spéis don Athbhreithniú. Níl liosta iomlán é seo.

- A1 idir Newcastle agus Dún Éideann
- A55 i dTuaisceart na Breataine Bhige
- Bealaí tras-Pennine – an A66 agus A69 san áireamh
- An A75 go dtí calaphórt Cairnryan
- M4 go lardheisceart na Breataine Bhige

Tá iompar bóthair freagrach as 91% d'astaíochtaí ón roinn iompair. Tá seo déanta den chuid is mó de charrana. In 2018, d'éisigh an gnáth-charr 20% níos lú ascaíochtaí ná gnáth-feithicil in 1990. Déantar fritháireamh ar seo, áfach, le méadú na bhfeithiclí ar an mbóthar, le ascaíochtaí san iomlán ag titim 1% amháin thar an tréimhse ama céanna. Chuir méadú i méid HGV le méadú iomlán in ascaíochtaí, le lastais bóithre ag déanamh suas 16% d'astaíochtaí iompair sa UK. Tá úsáid na bhfeithiclí seo tar éis méadú faoi dhó ó 1990. Cuireann busanna agus cóistí le astaíochta iompar bóithre freisin, go mion ach go suntasach, cé go bhfuil siad níos éifeachtáí ná feithiclí príobháideacha le níos lú astaíochtaí gáis ceatha an duine agus de réir míle.



Líonra Mórghóthar na RA



Iarnród

Tá an t-iarnród mar iompróir daoine ríthábhachtach san Ríocht Aontaithe, agus tá fréamhacha aige sa gcóras traenach is sine ar domhan. Tá éileamh ar an iarnród ard agus tá sé tar éis méadú faoi dhó le 20 bliain anuas le turais ag méadú faoi 97%, ag sroicheadh 1.8 billiúin turais in 2018/9. Is méadú is bhfad níos mó é seo ná aon mhodh taistil eile sa tréimhse céanna.

Is iad na línte traenach tras-teorannach is tábhachtaí ná Príomh Líne an Chósta Thoir agus Príomh Líne an Chósta Thiar, a nascann Sasana agus an Alban. Tá nascanna díreach ag an mBreatain Bheag go Londain agus Birmingham ó Cardiff agus Swansea, fad is atá Tuaisceart na Breataine Bhige nasctha go díreach le Liverpool agus Manchester comh maith le Príomh Líne an Chósta Thiar.

Ceannasaíonn turais idir Shasana agus an Alban agus idir Shasana agus an Bhreatain Beag taistil tras-teorannach le 9.8 m agus 9.4 m tuais phaisinéara ag tarlú in 18/19⁴ i gcoitinne. Tá éileamh ísle ar thaistil traenach idir an Bhreatain Beag agus an Alban, le 41,000 turais ag tarlú in 18/19⁵.

Tá an iarnród ag éirí níos tábhachtaí le gluaiseacht lastais trasna an UK; bogadh 9% de gach lastas a bhogadh sa Ríocht Aontaithe in 2018 ar traen. Iompraítear ceann as gach ceithre coimeádáin ag teacht isteach ag calaphóirt isteach ón gcósta ag an iarnród⁶. Déantar lastas iarnróid de lastas il-mhodach (coimeádáin iompraithe ag traenacha) agus lastas traenach (earraí iompraithe ar feithiclí speisialta an iarnróid). Tá críochphóirt iarnróid il-mhodach riachtanach i mbogadh lastais ar an ngréasán iarnróid, le críochphóirt ag portanna agus isteach sa tír scaipithe amach tríd an UK ach comhchruinnite san iarthuaisceart, Londain, an Bhreatain Beag Theas, agus cainéal Bristol, an Lár Tíre, an Solent agus ceantar Dún Éideann/Glasgow.

Tá Network Rail ag obair faoi láthair chun feabhas a chur ar ghréasán stráitéise lastais le cúpla tionscnamh á thosú trasna an UK le feabhas a chur ar ghluaiseacht earraí ar an iarnród⁷.

Tá aiseolas ó pháirtithe leasmheara agus comhairleoirí tar éis na nascanna iarnróid seo a leanas a aithint mar ábhar spéis don Athbhreithniú. Níl liosta iomlán é seo.

- Úasdátú ar Phríomh Líne an Chósta Thoir
- Toilleadh Iarnróide i gceantar Bristol – Úasdátú ar Phríomh Líne an Chósta Thiar in Oirdheisceart na Breataine Bhige

4 dataportal.orr.gov.uk/media/1240/passenger-rail-usage-2018-19-q4.pdf

5 dataportal.orr.gov.uk/media/1742/regional-rail-usage-statistical-release-2018-19.pdf

6 www.rfg.org.uk/rail-freight/facts-figures/

7 www.networkrail.co.uk/wp-content/uploads/2019/03/Strategic-freight-network-enhancement-schemes.pdf

- Toilleadh HS2 agus fad ama na dturais go hAlban
- Úasdhátú ar nascanna iarnróide idir Tuaisceart na Breataine Bhige agus Merseyside/Manchester

Is foirm iompair ísealcharbóin é an t-iarnród le 1.4% amháin d'astaíochta an UK ag teacht ó ghluaiseachtaí iarnróid, cé nach mbaineann ach 10% de na mílte taisitil a rinne paisinéirí leis. Leanann an t-iarnród ar aghaidh ag tiontú i dtreo a bheith neamhdhíobhálach don timpeallacht le tabhairt isteach traenacha nua agus méadú leictreachais. Is ea an modh is fearr ó thaobh na

timpeallachta de a bheith ag bogadh lastais agus táthar ag súil go mbainfidh sé os cionn 7 milliúin turais HGV ó na bóthair chuile bhliain.



Críochfoirt Iarnróid Idirmhódacha




Earnáil Idirmhodúil

Tomhsaire traenach:

- Tomhsaire traenach W12
- Tomhsaire traenach W10
- Tomhsaire traenach W9, Londain go Tollán Mhuir nloch
- Tomhsaire luchtaithe ardluas I ilchriochach (UIC GBI)
- Linthe eile
- - - - - Bealaí beartaithe le haghaidh athshuíomh

**Críochfoirt idirmhódacha
(léiriú dath stádas oibríochta):**

- Acomhail Straitéiseacha Lastais Iarnróid
- Críochfoirt idirmhódacha bunaithe ar chalafoirt
- Críochfoirt idirmhódacha intire eile



Muirí

Bíonn calaphóirt UK ag plé le gluaiseacht baile agus idirnáisiúnta lastais agus paisinéirí thar na farraige, comh maith le tacaíocht a thabhairt don tionsclaíocht fuinnimh amach ón gcósta. Tá Calaphóirt riachtanach i ngluaiseacht earraí agus daoine isteach go agus amach ón UK agus idir phointí laistigh den UK. In 2019, phlé calaphóirt sa UK le 486.1 milliúin tonna d'earraí⁸.

Bíonn Grimsby agus Immingham agus calaphóirt i gceantar Londain ag plé leis an méid is mó tonnáiste go bliantiúil, fad is a míonn Dover ag plé leis an méid is mó trácht 'Ro-Ro' (roll-on, roll-off). Traslaíonn os cionn ceathrú de gach méid Ro-Ro trí Dover chuile bhliain. Calaphóirt tábhachtacha eile ná Southhamptom, Béal Feirste, the Forth agus Felixstowe.

Rinneadh rangú baile de 19% de na hearraí a bhogadh trí chalaphóirt UK in 2019 i.e., bhog sé idir dhá phointe laistigh den UK nó bhí sé ar an mbealach go suíomh UK as an gcósta ar nós feirm ghaoithe. Tá an cuid is mó den trácht seo de réir chósta i.e. trácht a iompraítear timpeall ar an gcósta ó phórt UK amháin go dtí ceann eile, seirbhísí farantóireacht baile san áireamh, le 73.3 milliúin tonna bogtha in 2019.

Pléitear le 97% lastas baile ag na 'mór' calaphóirt. Is iad na calaphóirt ag plé leis lastas baile is mó i Sasana, an Alban, an Bhreatain Beag agus Tuaisceart na hÉireann ná Liverpool, Cairnryan, Milford Haven agus Béal Feirste i gcoitinne. Tá an príomh-bhealach lastais idir Shasana agus Tuaisceart na hÉireann le calaphóirt Liverpool agus Béal Feirste láirneach sa ghluaiseacht seo.

Catagóir	Country Pairs (A-Z)	Uimh. bealaí	Tonnáiste (000s)
Réigiún Crosáilte	Sasana–Tuaisceart na hÉireann	65	9,320
Réigiún Shingil	Sasana–Sasana	94	8,305
Réigiún Crosáilte	Sasana–Alban	88	6,529
Réigiún Crosáilte	Tuaisceart na hÉireann–Alban	17	6,092
Réigiún Crosáilte	Sasana–An Bhreatain Beag	27	2,191
Réigiún Shingil	Alban–Alban	32	1,445
Réigiún Crosáilte	Tuaisceart na hÉireann–An Bhreatain Beag	12	1,371
Réigiún Shingil	An Bhreatain Beag	1	812
Réigiún Shingil	Tuaisceart na hÉireann–Tuaisceart na hÉireann	1	460
Réigiún Crosáilte	Alban–An Bhreatain Beag	6	274

⁸ assets.publishing.service.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/908558/port-freight-statistics-2019.pdf

Is modh iompair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol é lasta muirí agus tá sé ag éirí níos éifeachtaí freisin. Tháinig laghdú 30% ar astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa ó loingseoireacht intíre idir 1990 agus 2018 agus níl iontu anois ach 1.3% de na hastaíochtaí baile go léir.

I dteannta le tonnáiste lastais, is ea gluaiseacht dhaoine mar fheidhm riachtanach de nascanna iompar mhuirí. Tá sé seo tábhachtach ach go háirithe agus taistil idir an Ríocht Aontaithe agus Tuaisceart na hÉireann i gceist.


Is iad an dá bhealach le líon na bpaisinéirí is mó go bliaintiúil in oileáin na Breataine ná trasna Muir na hÉireann idir Holyhead agus Baile Átha Cliath agus idir Cairnryan agus Béal Feirste. Bíonn os cionn milliún paisinéirí ag a dá bhealach go bliaintiúil – 1.8 milliúin agus 1.3 i gcoitinne – ag léiriú an spléachas atá ag líon mór daoine ar thaistil mhuirí idir an Ríocht Aontaithe agus oileán Éirinn.

D'aithin páirtithe leasmhara na rudaí seo a leanas mar ábhar spéise ar lean don tAthbhreithniú:

- Nascanna go calapóirt a fheabhsú ó bhóthair agus iarnróid e.g. Béal Feirste, Liverpool
- Úasdatú féideartha ar flít farandóireachta an Chósta Thiar chun tacú le méad gluaiseachtaí níos mó agus astaíochtaí a laghdú
- Nascanna tras-tíre idir chalaphort ar chóstaí Thiar agus Thoir
- Bealach nua don bhád farantóireacht idir Warrenpoint agus Holyhead



Calafóirt mhóra na RA* lena n-áirítear tonnáiste iomlán arna láimhseáil de réir an chineáil lasta (2019)



* Láimhseáil gach calafóirt a bhí marcáilte ar an léarscáil os cionn 2 mhiliúin tonna lasta in 2019.
© Cóipcheart na Corónach. Gach ceart ar cosaint. An Roinn Iompair 2020.

Eitlíocht

Féadfaidh achair fhada a bheith i gceist le taisteal laistigh den Ríocht Aontaithe. – Ciallaíonn sé seo go bhfuil an-tóir ar eitlíocht i go leor turas. Mar sin féin, tá laghdú tagtha ar aerthaisteal intíre le deich mbliana anuas ó 612,500 gluaiseacht eitilte in 2009 go 484,300 in 2019⁹.

Is iad eitiltí thar theorainn Albain-Shasana an t-éileamh is mó ar aerthaisteal paisinéirí intíre, le Heathrow – Is é Dún Éideann an bealach is mó a bhfuil tóir air. Tá na bealaí idir Tuaisceart Éireann agus an Bhreatain Mhór rithábhachtach go háirithe maidir le hacmhainn agus athléimneacht, toisc go gcuireann Muir Éireann srian ar bhealaí iarnróid nó bóthair.

Líon bliantúil paisinéirí aeir idir tíortha na RA (na mílte), 2019¹⁰

	Sasana	Albain	An Bhreatain Bheag	Tuaisceart Éireann	Oileáin na hAlban
Sasana	2,277.6	9,695.3	12.7	5,287.3	4.4
Albain		22.0	136.6	1,081.0	596.9
An Bhreatain Bheag			0.0	62.4	0.1
Tuaisceart Éireann				0.1	0.0
Oileáin na hAlban					43.0

Tá aerthaisteal intíre lárnach i Londain. Na 10 mbealach nó pointe tionscnaimh is fearr agus is iad aerfoirt Londain agus Heathrow / Dhún Éideann an ceann is mó a eitlítear le corrlach suntasach.

Go luath in 2020, thit an príomh-aerlíne baile Flybe as a chéile. Cé gur ghlac aerlínte iomaíocha roinnt bealaí go gasta, níor líonadh líon suntasach bealaí neamhbhrabúis a oibríonn an aerlíne go fóill. Beidh sé seo ina phríomh-bhreithniú don Athbhreithniú amach anseo.

Níor cheart dearmad a dhéanamh ar ról an lasta aeir intíre maidir le 79,500 tonna lasta a bhogadh in 2019 cé gur tháinig laghdú air sin le deich mbliana anuas. Téann thart ar thrí cheathrú de mhéideanna lasta aer intíre trí Aerfort Lár Tíre nó Aerfort Idirnáisiúnta Bhéal Feirste.

9 https://assets.publishing.service.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/944133/avi0102.ods

